An Béalscrúdú
Le
Blaithín Seoighe

Cupla leideanna duit ar dtús: 2
Nathanna do na sraith pictiúirí:..... 3
1: Laethanta Saoire 5
2: Imreoir Gortaithe. 7
3:Na deagoirí Cróga: 9
4:Obair dhian: torthaí maithe san Ardteisiméireacht..... 11
5.Ag téacsáil sa rang. 13
6.An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr..... 15
7.Mo cheol thú! Mo cheol sibh 17
8.Tine sa seomra eacnamaíocht bhaile: 19
9.Ag campáil cois farraige: 21
10: Fadhbanna Sóisialta ag cur isteach Isteach ar Déagóirí. 23
11.Robáil Bainc: 25
12:Lá ag cluiche Rugbaí I Stade De France. 27
13:Turas Scoile 29
14: Obair dheonach 31
15: Ag toghadh scoláire na bliana 33
16: Teip sa Scrúdú Tiomana 35
17: Bua sa seo Tallainne..... 37
18: Bronntanas Costasach..... 39
19: Sláinte na nÓg - Seachtain na Sláinte..... 41
20: Samhradh iontach..... 43
Ceisteanna..... 44
Liosta Ceisteanna:..... 44

© mocks.ie – An Béaltscrúdú 2015

Laethanta Saoire

© mocks.ie – An Béaltscrúdú 2015

1: Laethanta Saoire

P1:
Shocraigh ar triúr cailíní, Áine, Máire agus Bríd dul ar a laethanta saoire chuig Tenerife. Thóg siad tacsaí chomh fada le hAerfort Bhaile Átha Cliath. D'íoc Deirdre as an tiománaí tacsaí, agus ghabh siad ar fad buíochas leis. Bhí málaí móra acu. **Is cosúil** go raibh siad ag tnúth go mór leis an dea-aimsir agus an-craic ar ndóigh.

P2:
Lean siad na comharthaí go dtí deasc na heitilte. Bhí áthas an domhain orthu leis an tseirbhís chabhrach chairdiúil a fuair siad ag an deasc. **Níorbh fhada** go raibh pas bordála ag gach duine acu agus fágadh na málaí ar an gcrios iompair.

P3:
Cailíní éagraithe ba ea iad agus mar sin bhí neart ama acu sular raibh an t-eitleán ag bordáil. Chuaigh siad le haghaidh cupán tae mar sin. Thosaigh siad ag smaoineamh agus ag comhrá faoi na tránna bána, agus ar an aimsir iontach, a bheadh ag fanacht orthu i gceann cúpla uair an chloig. **Ba ghearr** go mbeadh siad ann agus ag baint taitneamh as na háiseanna go léir ann.

P4:
Baineadh geit astu nuair a shroich siad an Residence Sol i dTenerife. Bhí an t-árasán go hálainn. Thug siad faoi deara an linn snámha príobháideach a bhí acu taobh thiar de agus na cathaoireacha gréine chomh maith. Níos tábhachtaí fós bhí scáth gréine curtha ar fáil dóibh freisin chun iad a chosaint ó bhaol na gréine.

P5:
Is cosúil go ndeachaigh siad díreach go dtí an trá chun leas a bhaint as an dea-aimsir. **De réir dealraimh,** ba thrá álainn ghainmheach í agus bhí sé plódaithe le daoine. Bhí daoine áirithe amuigh ag snámh nó ag seoltóireacht san fharraige. D'fhán daoine eile ina luí faoin ngrian ar an trá. Thosaigh cúpla duine a raibh neart fuinnimh acu ag imirt eitpheile. B'iontach an lá scléipeach gníomhach é.

P6:
Bhí na cailíní stiúgtha leis an ocras i ndiaidh an lae agus mar a deir an **seanfhocal 'is maith an t-anlann an t-ocras'**. Chuaigh siad go dtí bialann áitiúil agus bhlas siad an bia tradisiúnta ann. Lean siad ar aghaidh go dtí an dioscó chun damhsa i ndiaidh an bhéile. Bhí soilse ildathacha ag lonradh ar fud na háite, agus bhí ceol Mheiriceá Laidinigh á seinm ag fear an tí. Bhí oíche den scoth acu agus gan dabht is breá an rud í an óige.

© mocks.ie – An Béaltscrúdú 2015